

## Ts&Cs

Eolas Tábhachtach do Gach Campa – Léigh go Cúramach le do Thoil

- Cuir isteach ar áit ar an gcúrsa seo tríd an fhoirm iarratais ar líne a líonadh isteach ar an suíomh.
- Tabharfar áiteanna amach ag úsáid córas crannchuir chun cothromaíocht a dhearbhu.
- Ní dhearbhaítear áit trí fhoirm iarratais a chur isteach.
- Aoisghrúpaí: de bharr éilimh mhór ar áiteanna, táimid an-dian maidir leis na haoisghrúpaí do gach campa. Ní chuirfear foirmeacha iarratais do ghasúir atá taobh amuigh de na haoisghrúpaí san áireamh.
- I gcás siblíní, líon amach foirm an duine do gach páiste le do thoil.
- Má fhaigheann do pháiste áit, deimhnigh í chomh luath agus is féidir le do thoil. Mura ndéanfar deimhniú ar an áit caillfear í agus tabharfar í do pháiste ón liosta feithimh.
- Tá gach campa saor in aisce ach beidh ar gach rannpháirtí freastal ar gach seisiún.
- Glactar leis go leanfaidh gach rannpháirtí Polasaí Dheá-Iompair Stiúideo Cuan / Fighting Words.
- Beidh gach campa rite ag scríbhneoirí/ealaíontóirí cáilithe agus foireann oibre Fighting Words.
- Tá ár gcuid meantóirí deonacha traenáilte i nósanna imeachta cosanta do pháistí agus rinneadh grinnfhosrúchán an Gharda Síochána orthu.
- Foilsíú an tSaothair: Foilsíonn Fighting Words / Stiúideo Cuan saothar ó gach rannpháirtí nó grúpa rannpháirtithe lena gcruthaitheacht agus a ngaisce a cheiliúradh. Is leis na húdair cóipcheart a saothar ón gcúrsa Claochlú / Fighting Words / Stiúideo Cuan agus cead tugtha do Stiúideo Cuan / Fighting Words an obair chruthaíoch a úsáid in aon cheann dá gcuid foilseachán, in ábhar bolscaireachta agus láithreáin gréasáin.
- Grianghraif/Scannánaíocht: Tógann muid pictiúir do na rannpháirtithe i mbun oibre le cur ar ár láithreán gréasáin, na meáin shóisialta agus ábhar eile bolscaireachta faoinár gcuid oibre. Cuirfear gach rannpháirtí san áireamh. Tabhair faoi deara gur riachtanas é seo le bheith páirteach agus nach bhfuil sé roghnach.
- Polasaí cealaithe: Mura bhfuil do pháiste in ann freastal ar champa scriptscríbhneoireachta Stiúideo Cuan / Fighting Words ar aon chúis, déan teagmháil linn chomh luath agus is féidir le do thoil. Tabharfar aon áit atá ar fáil do dhéagóir(í) ar an liosta feithimh.

Struchtúr agus Riachtanais an Champa: Reachtáilfear an cúrsa gach tráthnóna Déardaoin ón 5.30-7.30p.m. ar feadh tréimhse deich seachtainí ag tosú ar an 06/10/22.